Aimsigh na Téarmaí

Seo straitéis gur féidir a úsáid le píosa léitheoireachta/Cluastuisceana ar bith. Is faoin múinteoir féin cén téarma gramadaí gur mhaith leo a chur isteach.

Ceacht 1: Rugadh Nuala i Lancashire Shasana i 1952, ach nuair nach raibh sí ach cúig bliana d'aois d'aistrigh sí go Ceann Trá i gCiarraí, áit ar chónaigh sí lena haintín ar feadh dhá bhliain. 'Theastaigh ó mo dhaid bogadh thar n-ais agus sa deireadh bhí mo mháthair sásta bogadh - cé nach raibh sí róshásta i dtosach báire. Bhí post breá aici i Sasana - bhí sí ina dochtúir ann agus bhí 7,000 othar aici - agus nuair a tháinig sí thar n-ais go hÉirinn ní fhéadfadh sí post a fháil mar dhochtúir mar go raibh sí pósta (bhí an marriage ban ann). Chaith sí é a thabhairt suas agus bhí sé an-dian uirthi'. www.teg.ie (B2 1.2)

Aimsigh: Briathar, Ainmfhocal, aidiacht, consan, guta, forainm, uimhir uatha, uimhir iolra, réamhfhocal simplí agus forainmréamhfhoclach. Féach seo mar chabhair

Briathar	**Ainmfhocal** fir/bain	**Aidiacht**	**Consan**	**Guta** Caol/Leathan	**Forainm**	**Uatha**	**Iolra**	**Réamhfhocal simplí**	**Forainm réamhfhoclach**

Ceacht 2: I Meitheamh 1963 d'fhill JFK ar thír dhúchais a mhuintire. Ócáid mhór a bhí ann don tír ag an am. Ba é seo an chéad uair riamh a thug Uachtarán Stáit Aontaithe Mheiriceá cuairt ar Éirinn. Ní amháin sin ach duine de bhunadh na hÉireann, dár mbunadh féin, a bhí ann. Mar sin de, thug an chuairt seo stádas nua don tír. Bhí cara nua ag an tír, cara a bhí ina Uachtarán ar an náisiún is cumhachtaí ar domhan. Cuireadh fearadh na fáilte roimhe agus thug sé cuairt ar an teach beag i Ros Mhic Thriúin (New Ross), Co. Loch Garman, a raibh a mhuintir féin ina gcónaí ann sula raibh orthu an tír a fhágáil. (Giota as *JFK Beatha le Bua)*

Aimsigh: Briathar (rialta agus neamhrialta, aimsir láithreach agus aimsir chaite), Ainmfhocal, Aidiacht, Tuiseal Ginideach, Briathar Saor (Saorbhriathar) an tuiseal tabharthach, réamhfhocal simplí, Aidiacht Shealbhach, Ainm Briathartha. Féach seo mar chabhair

Briathar	**Ainmfhocal** fir/bain	**Aidiacht**	**Tusieal Ginideach**	**Briathar saor (Saorbhriathar)**	**Tuiseal tabharthach**	**Réamhfhocal simplí**	**Aidiacht Shealbhach**	**Ainm briathartha**